

❖ An Lúibín ❖

29 Deireadh Fómhair 2012

Comharchumainn cois abhann

Sa bhliain 1895 tháinig Michael Davitt go dtí an Astráil: náisiúnaí Éireannach a rugadh i Sasana, athchime polaitiúil, iriseoir, Feisire i dTeach na dTeachtaí agus gníomhaí daonnachtúil. Is dócha go raibh Gaeilge ar a thoil aige (b'as Contae Maigh Eo dá mhuintir). Dealraíonn sé go raibh sé chun léachtaí a thabhairt san Astráil chun roinnt airgid a shaothrú – airgead a bhí de dhíth go géar ar a mhuirín go háirithe. Bhí an-suim aige sna comharchumainn tuaithe a cuireadh ar bun feadh an Murray, an abhainn is mó i ndeisceart na tíre, agus thug sé cuntas orthu in *Life and Progress in Australia*, leabhar leis a foilsíodh sa bhliain 1895. Ní mór a chuimhneamh go raibh dlúthbhaint ag Davitt leis an Land League in Éirinn agus go raibh sé ar son náisiúnú an talaimh.

Ar 16 Deireadh Fómhair ba é an Dr Val Noone an príomhchainteoir ag ceann de Sheimineáir Léinn Éireannaigh Melbourne agus cuairt Davitt mar ábhar aige. Bhain an chaint le turas a thug Val, a bhean chéile Mary Doyle agus an Dr Carla King (eolaí ar Davitt) ag leanúint lorg mo dhuine cois abhann. Sna 1890í rug meath mór tráchtála ar an tír, rud a d'fhág na mílte gan obair. Cuireadh brú ar rialtas na hAstráile Theas talamh a chur ar fáil: fógraíodh go mbeadh 1,600 acra le fáil ag aon ghrúpa fiche teaghlach ar choinníollacha éasca. Bunaíodh a lán comharchumann feadh an Murray agus thug Davitt cuairt ar gach ceann acu le comhairle agus cúnamh a chomhghleacaithe san Astráil. Bhí an cineál céanna feirmeoireachta ar siúl acu go léir; ní raibh an bochtanas ann agus ní raibh an obair róchrua, ach ar shlite eile bhí éagsúlacht ag baint leo – sóisialaigh ghníomhacha, idéalaithe cainteacha, daoine oilte, dream neamhléannta.

Bhí spéis ag Davitt i gcás na mBundúchasach, ach rinne Val tagairt don neamhaird a tugadh orthu siúd agus ar chúrsaí timpeallachta ag an am agus go háirithe sa ghnó seo. Síleadh nach raibh teorainn leis an bhfeidhm a d'fhéadfaí a bhaint as uisce agus adhmaid. Ainmneacha Bundúchasacha atá ar chuid mhaith de na háiteanna atá i gceist – Pyap, Moorook agus eile.

Bhí talamh na gcomharchumann díolta i gceann deich mbliana agus a lán cúiseanna leis – caidél gan éifeacht, fadhbanna iompair, síleadh uisce, triomú rialta an Murray agus nádúr an duine. Bhí Davitt eolach go maith ar an nádúr sin, cé gur bhreá leis a ndearna na comharchumainn. Is dócha, mar adúirt Val, go raibh siad siúd rómhór ar aon chuma; ach ba shuimiúil an triail iad, cé gur beag rian a d'fhág siad ar an saol a lean iad.



Scéalta Gaeilge ón nGréasán

Tura Arutura, ceoltóir ón tSiombáib atá ina gcónaí i gContae an Dúin agus Gaeilge aige:

<http://www.youtube.com/watch?v=qU-ARsqNiAo&feature=relmfu>

Donovan Nagel, teangeolaí Astrálach a chuir roimhe Gaeilge a fhoghlaim (in éineacht lena lán teangacha eile):

<http://www.mezzoguild.com/2012/08/09/gaeltacht-immersion/>



An Bhreatnais sa tSeapáin

Tá téacsleabhar Breatnaise ar fáil anois i Seapáinis. An bhliain seo caite a tháinig sé amach, agus is iad an bheirt a scríobh é an Dr Yoshifumi Nagata, ollamh le léann Béarla ar tháinig suim aige i mBreatnais, agus Takeshi Koike, a d'fhoghlaim a chuid Breatnaise sa Bhreatain Bheag i dtús na nóchaidí agus a bhfuil an teanga ar a thoil aige anois. Tá ocht gcuairt tugtha ag Nagata féin ar an mBreatain Bheag ón mbliain 2000 i leith, agus shíl sé go mbeadh éileamh ar leabhar den saghas sin sa tSeapáin.

Tá Seapánaigh ann, gan dabht, atá an-tógtha leis an teanga – ar nós Yuko Nalauchi, bean a cuireadh ar bhealach na Breatnaise nuair a chonaic sí *Un Nos Ola' Leuad* (Oíche Ghealaí), scannán a rinneadh sa bhliain 1991. Bhain sé geit aisti – scannán Briotanach nach raibh i mBéarla. I gceann tamaill landáil sí sa Bhreatain Bheag, áit a ndearna sí staidéar ar an teanga roimh di filleadh abhaile agus Breatnais ar a toil aici. Agus tá a leithéidí eile ann.

Féach:

<http://www.bbc.co.uk/news/uk-wales-14648203>

<http://bccjacumen.com/issues/2011-07/2011/07/not-lost-in-translation/>



Guthanna dearmadtha

Teanga Ind-Eorpach is ea an Ghaeilge, ar nós na dteangacha Ceilteacha uile: baineann sí le hollfhine fhorleathan teangacha atá le fáil sa chuid is mó den Eoraip, san India agus sna tíortha máguaird, agus i gcuid den Mheán-Oirthear féin. (Agus sin gan trácht, ar ndóigh, ar iarchoilíneachtaí Eorpacha in áiteanna eile.) Ón 19ú haois i leith tá neart taighde á dhéanamh ar na teangacha sin agus ar an 'Ind-Eorpais' féin – teanga shinseartha (nó grúpa canúintí) a bhí á labhairt na mílte bliain ó shin. D'éirigh le teangeolaithe leagan den Ind-Eopais a athchruthú trí chomparáid a dhéanamh idir na teangacha Ind-Eorpacha a bhfuil eolas againn orthu, idir shean agus nua, agus trí aird a thabhairt ar athrú stairiúil na foghraíochta mar a léirigh sanasaithe Gearmánacha agus eile é.

Is dócha gur ón Anatóil a d'éascair an Ind-Eorpais agus go raibh baint aici le leathadh na feirmeoireachta. Bhí teangacha eile roimpi amach agus tá leithéidí ann fós – an Bhascais, an Fhionnlainnis agus an Ungáiris, mar shampla. Tá a lán focal sa Luath-Cheiltis ar deacair iad a lua le haon ghas Ind-Eorpach, agus a tháinig, is dócha, ó theangacha neamh-Ind-Eorpacha nach maireann. Tá liosta déanta de na focail sin ag an sanasaí Ranko Matasović (*Etymological Dictionary of Proto-Celtic*, Brill 2009), agus seo cuid de na gais athchruthaithe atá i gceist in éineacht leis na focail Ghaeilge a bhaineann leo:

banwo- *banbh*

bodyo – *buí*. Féach an seanlitríú Gaelach 'buidhe'.

bratto- *brat*

brokko – *broc*

butā – *bothán*

druko – *droch-*

durno – *dorn*

gurmo – *dorcha* (gorm)

karbanto – *carbad*

kasninā- *cainneann*

klukā – *cloch*

knū – *cnó*

korkkyo – *coirce*

kritta – *creat, cruth*

krok(ke)no – *craiceann*

krundi – *cruinn* (Sean-Ghaeilge: *cruind*)

liro – *lear* (i.e. farraige). Deirtear fós 'thar lear'. Féach freisin Manannán mac Lir (mac dhia na farraige).

lubī/ā – *luibh*

luxtu – *lucht* (i.e. *dream*), nó a bhfuil i rud
menādo – *meana*
metto – *meath*
mokku – *muc*
molto – *molt*
ninati- *neanta* (i.e. neantóga)
rem(r)o – *ramhar*
rendi – *rinn* (Sean-Ghaeilge: *rind*)
rūnā – *rún*
sēbro – *deamhan, taise* (saobh)
sladyo – *buail, maraigh* (slad)
slattā – *slat*
smēro – *caor* (sméar)
wroyko – *fraoch*

Mar a deir Matasović, is minic consain dhúbailte i bhfocail den bhunshraith neamh-Ind-Eorpach, agus *ā* sa ghas. Is minic freisin a bhíonn *u* sa ghas. Lena chois sin, dealraíonn sé nach raibh codarsnacht faid i ngutaí na Sean-Cheiltise, agus is annamh liopachogusaigh¹ ann.



Plana Cànain Nàiseanta Gàidhlig

Tá Bòrd na Gàidhlig chun cúrsa nua tumoideachais sa teanga a mhaoiniú do i dtreo go mbeadh níos múinteoirí in ann dul ag obair trí Ghàidhlig. Táthar ag súil le múinteoirí a bhfuil roinnt Gàidhlig acu cheana cheana agus arb áil leo éirí níos líofa. Is gearr go n-iarrfar tairiscintí maidir le beartú an chúrsa. Tá cúrsaí gearra den saghas seo ar fáil cheana, ach tá níos mó daltaí á múineadh trí Ghàidhlig agus gá le breis múinteoirí oilte dá réir.

Tá an dara Plean Náisiúnta Gàidhlig déanta ag an mBòrd do Rialtas na hAlban, agus é de chuspóir aige líon chainteoirí na teanga a mhéadú, úsáid na Gàidhlig a spreagadh, agus an teanga agus an cultúr a chur in iúl:

Tha molaidhean sa Phlana a thaobh ro-innleachdan a chur air adhart airson an àireamh a bhruidhneas Gàidhlig àrdachadh, cleachdadh na Gàidhlig a bhrosnachadh agus cànain is cultar na Gàidhlig a dhèanamh nas fhollaisiche.

Tá fonn ar an Rialtas méadú an-mhór a dhèanamh ar líon na ndaltaí le Gàidhlig sna bunscoileanna.

Féach:

<http://www.gaidhlig.org.uk/Downloads/Plana%20Canain%20Naiseanta%20Gaidhlig%202012%20-%202017.pdf>



An dátheangachas ar ais ar scoil

Oideachas dátheangach i scoileanna Bundúchasacha – ábhar a leanann an t-aighneas é. Léachtóir ar an iriseoireacht san Astráil is ea Lisa Waller agus í ag déanamh taighde PhD ar an ngaol idir na meáin agus polasaithe oideachais dhátheangaigh i gCríoch an Tuaiscirt (*Northern Territory*). Níl sí gan eolas, mar sin, ar staid na dteangacha Bundúchasacha sa chóras oideachas, mar a léiríonn sí in alt suntasach ('A shift in the monolingual mood,' 26/9/12, Inside.org.au: <http://inside.org.au/a-shift-in-the-monolingual-mood/>).² Tá cuid de na teangacha is láidre i gCríoch an Tuaiscirt, ach (mar a deir sí) bhí guagacht ag roinnt riamh le polasaithe teanga sa taobh sin tíre.

¹ Liopachoguasach: déantar tagairt anseo do chonsan a fhuaimnítear leis na liopaí agus leis an gcoguas, sa chás seo [k^w] nó [p^w].

² Táimid buíoch d'Art de Bastábla as ár n-aird a tharraingt ar an alt seo.

I ndeireadh na nóchaidí bhí an rialtas ag iarraidh fáil réidh le cláir dhátheangacha, ach bhí air éirí as de bharr an aighnis a rinneadh faoin scéal. Ach faoin mbliain 2007, nuair a bhí an ‘tIdirghabháil’ (Intervention) ar siúl, bhí lucht beartaithe polasaithe ag éisteacht le comhairle dhúr choimeádach. Dúradh gur chóir do dhaltáí Bundúchasacha staidéar a dhéanamh trí Bhéarla amháin sna bunscoileanna, cé gur thaispeáin an fhianaise gur cláir dhátheangacha is oiriúnaí do dhaltáí nach bhfuil acu i dtús scoile ach a dteanga dhúchais féin. Athchomhairle atá á déanamh anois agus tuarascáil pharlaiminteach fheidearálach tar éis teacht amach (*Inquiry into language learning in Indigenous communities*, 17 Meán Fómhair 2012) – tuarascáil a deir gur ceart an dátheangachas a choinneáil ar bun.

Is annamh (a deir Waller) ceist na dteangacha Bundúchasacha á ple go mion san Astráil; má dhéantar é, is gnách a bheag a dhéanamh díobh maidir lena dtábhacht shóisialta agus gheilleagrach. Déantar trácht ar bhuntábhacht an Bhéarla i ngeilleagair na tíre, ar thábhacht shiombaileach an Bhéarla mar theanga náisiúnta, ar an mbaint atá aige le cruthú an náisiúin, agus ar a chostasáil agus a dheacra atá sé teangacha mionlaigh a chaomhnú.

Cuireann Waller béim ar thabhairt na meán cumarsáide sa díospóireacht faoi na teangacha úd. Tá dlúthnasc idir ‘aighe aonteangach’ na meán, an díospóireacht i gCríoch an Tuaiscirt faoi chláir dhátheangacha agus na hiarrachtaí a thug an rialtas na cláir a chartadh. Tá an aighe úd le fáil ar fud an phobail i gcoitinne, agus ní mór iargúlacht na n-áiteanna a bhfuil na teangacha á labhairt a chur san áireamh.

Scéal eile atá ann sa Nua-Shéalainn – an teanga Mhaoraise ina teanga oifigiúil ón mbliain 1987 i leith, Coimisiún Maoraise ann, an teanga á múineadh sna scoileanna, í le fáil go forleathan i gcáipéisí poiblí agus san meáin. Deirtear san Astráil go bhfuil an iomarca teangacha Bundúchasacha ann chun stráitéis fhónta náisiúnta a dhéanamh – tuairim, áfach, a dtugann daoine áirithe ‘seachaint’ uirthi.

Mar a deir cuid de na daoine a ndeachaigh Waller chun cainte leo, is dócha nach mbeadh an rialtas sásta aitheantas foirmiúil a thabhairt do teangacha Bundúchasacha fós de cheal tacaíocht phoiblí; ach tá sé ráite nach bhfuil sa mhéid sin ach leithscéal eile: ní mór don rialtas an gníomh a dhéanamh, ós beart a thugann comhairle.

Tuarascáil: Inquiry into language learning in Indigenous communities

Mar a deir an tuarascáil, tá méadú mór tagtha ar an líon daoine atá i mbun caomhnú agus athbheochan teangacha Bundúchasacha. Trí na teangacha a dhéantar cultúr a sheachadadh agus an nasc idir tír agus muintir a láidriú. Tagann féinmheas as úsáid na teanga dúchais, agus tá baint aige sin le cúrsaí oideachais, sláinte agus fostaíochta. Na pobail Bhundúchasacha a bhfuil a dteanga féin acu is fearrde a sláinte intinne agus choirp da bharr. Tá buntáiste acu maidir le fostaíocht, agus agus níl an t-ól agus an t-achrann ag déanamh an oiread sin díobhála dóibh. Má tá a dteanga dhúchais ag Bundúchasaigh óga idir 13 agus 17 bliain d’aois ar scoil tá gach dealramh air go leanfaidh siad orthu ag dul ar scoil agus go bhfaighidh siad cáilíocht iarscoile. Deir an tuarascáil: ‘Language is integral in affirming and maintaining wellbeing, self esteem and a strong sense of identity’.

Tá deiseanna móra oibre ag gabháil le husáid na dteangacha. Tá eolas na mílte bliain iontu ar an éiceachóras, eolas a bhfuil an-ghá leis i riar na timpeallachta agus i gcúrsaí bithéagsúlachta agus cógaisíochta, agus is féidir tairbhe a bhaint as na teangacha i ngnóthaí ealaíne agus turasóireachta, tairbhe a mbeidh a rian le haithint ar an ngeilleagar náisiúnta.

Trí chatagóir atá le fáil sa National Indigenous Languages Survey Report (NILS) 2005 maidir le staid teanga:

* Tá idir óg agus aosta ag labhairt na teanga

* Níl na páistí ag foghlaim conas an teanga a labhairt, fiú má tá siad in ann cuid di a thuiscint

* Níl an teanga ag duine ar bith, ach amháin cúpla focal nó abairt.

Is amhlaidh a deir NILS go bhfuil na teangacha i gcruachás agus b’fhéidir go mbeadh an t-eolas imithe i gceann tríocha bliain mura ndéanfar rud éigin.

Mura bhfuil ach beagán cainteoirí ag teangacha áirithe is mar sin a bhí an scéal riamh. Ach is deacra na teangacha sin a chaomhnú agus iad i dteagmháil le teangacha Bundúchasacha eile, le Béarla agus le crióil. Sa bhliain 2010 dúirt Búró Staitisticí na hAstráile (ABS) go raibh teanga Bhundúchasach ó dhúchas ag 33% de pháistí Bundúchasacha ar an iargúil.

Tá timpeall 61,800 duine ag labhairt teangacha Bundúchasacha, suas ó 56,000 i ndaonáireamh na bliana 2006. Crióil atá ag 21% díobh. Tá timpeall 145 teanga ann fós: tá idir trí agus sé cinn de theangacha láidir i gcónaí agus tá an chuid eile i mbaol – cuid acu san fhaopach ar fad. I gCríoch an Tuaiscirt tá teangacha Bundúchasacha ag 16.3% den phobal (34,438 duine): cainteoirí de theangacha Aranda is ea 5,417 duine acu agus labhraíonn 5,097 duine canúintí Yolngu, ach níl aon cheann de na teangacha sin ó bhaol.

Ní léir go bhfuil plean fóna ann chun Polasaí Náisiúnta na dTeangacha Bundúchasacha a chur i bhfeidhm. Tá gá le cuspóirí soiléire, le gníomhartha seachas le briathra. Caithfidh na pobail Bhundúchasacha féin gnóthaí a stiúradh agus gach duine acu ag foghlaim le chéile; más mar sin atá an scéal, éiríonn thar barr leis na daltaí. Ach caithfidh na acmhainní a bheith ann. Tá gá le Neada Teanga, naiscoileanna a ligeann do pháistí iad féin a thumadh sa teanga. Tagann siad le chéile cúpla uair sa tseachtain in éineacht le seandaoine a bhfuil an teanga acu, mar a bheadh teaghlach ann; agus caithfidh na tuismitheoirí féin tabhairt faoin teanga. Ní neart go cur le chéile.

Féach:

[http://www.aph.gov.au/Parliamentary Business/Committees/House of Representatives Committees?url=atsia/languages2/report.htm](http://www.aph.gov.au/Parliamentary_Business/Committees/House_of_Representatives_Committees?url=atsia/languages2/report.htm)

Mura mian leat *An Lúibín* a fháil, cuir teachtaireacht dá réir chun rianach@optusnet.com.au.

If you do not wish to receive this newsletter, please send an email accordingly to rianach@optusnet.com.au .

Comharchumann cois abhann

Sa bhliain 1895 tháinig Michael Davitt, náisiúnaí cáiliúil Éireannach agus iriseoir, go dtí an Astráil. Is dócha go raibh Gaeilge ar a thoil aige (b'as Contae Maigh Eo dá mhuintir). Bhí sé chun léachtaí a thabhairt san Astráil. Bhí suim mhór aige sna comharchumann tuaithe a cuireadh ar bun feadh³ an Murray agus i ndáileadh⁴ na dtailte.

Ar 16 Deireadh Fómhair thug an Dr Val Noone caint ag seimineár Léinn Éireannaigh in Melbourne faoi Davitt. Sna hochtóidí den naoú haois déag rug meath mór tráchtála ar an tír, rud a d'fhág na mílte gan obair. Chuir Rialtas na hAstráile Theas talamh ar fáil do ghrúpaí teaghlach agus bunaíodh a lán comharchumann feadh an Murray. Thug Davitt cuairt orthu. Chonaic sé nach raibh bochtanas ann agus nach raibh an obair róchrúa, ach go raibh éagsúlacht mhór ag baint leis an daoine a bhí ina gcónaí ann.

Murab ionann⁵ is an ré atá anois ann, níor tugadh aird ar Bhundúchasaigh na háite ná ar staid na timpeallachta (cé robh suim mhór ag Davitt féin i gcás na mBundúchasach⁶).

I gceann tamaill dhíol na comharchumann an talamh. Bhí a lán cúiseanna leis sin. – caidéal gan éifeacht, fadhbanna iompair, sileadh uisce, triomú rialta an Murray agus nádúr an duine⁷. Bhí Davitt eolach go maith ar an nádúr sin, cé gur bhreá leis an obair a rinne na comharchumann. Is dócha go raibh na comharchumann rómhór; ach ba shuimiúil an triail iad, cé gur beag rian a d'fhág siad ar an saol ina dhiaidh sin.

An dátheangachas ar ais ar scoil

Tá Rialtas na hAstráile ag iarraidh oideachas dátheangacha a neartú i scoileanna Bundúchasacha, de réir tuarascála a tháinig amach le déanaí. Tá cuid de na teangacha Bundúchasacha is láidre le fáil i gCríoch an Tuaiscirt. Le tamall anuas tá neamhaird⁸ á tabhairt ar na teangacha sin i bpolasaithe oideachais. Athchomhairle atá á déanamh anois.

Is annamh ceist na dteangacha Bundúchasacha á ple san Astráil. Déantar talamh slán de⁹ gurb é an Béarla an t-aon teanga amháin is fiú a shaothrú.

Tá baint idir 'aighe aonteach' na meán cumarsáide, an díospóireacht i gCríoch an Tuaiscirt faoi chlár oideachais dhátheangacha agus na hiarrachtaí a thug an rialtas fáil réidh¹⁰ leis na na clár sin. Tá an aighe úd le fáil ar fud an phobail i gcoitinne.

Scéal eile atá ann sa Nua-Shéalainn, áit ar teanga oifigiúil i an teanga Mhaoraise agus í á múineadh sna scoileanna, Deirtear san Astráil go bhfuil an iomarca teangacha Bundúchasacha ann chun stráitéis chearta a dhéanamh. Níl sa mhéid sin, áfach, ach bealach chun an obair a sheachaint.

Deir an tuarascáil go bhfuil méadú mór tagtha ar an líon daoine atá ag caomhnú na dteangacha. Bainneann féinmheas le húsáid na teanga dúchais, agus tá baint aige sin le cúrsaí oideachais, sláinte agus fostaíochta.

Má tá a dteanga féin ag pobal Bundúchasach is fearr a sláinte. Éiríonn níos fearr leo sa saol agus agus is mó an deis atá acu cáilíocht iarscoile a bhaint amach. Tá deiseanna fostaíochta ag baint le húsáid na dteangacha i gcúrsaí timpeallachta, ealaíne agus turasoireachta.

³ Feadh - along

⁴ Dáileadh - distribution

⁵ Murab ionann - unlike

⁶ Cás na mBundúchasach – the situation of Aborigines

⁷ Nádúr an duine – human nature

⁸ Neamhaird – no attention

⁹ Déantar talamh slán de go – it is assumed that

¹⁰ Fáil réidh (le) – get rid of

Tá Polasaí Náisiúnta na dTeangacha Bundúchasacha ann ach níl plean ann chun é a chur i bhfeidhm. Caithfear baint a bheith ag an bpobal Bundúchasach féin leis an plean sin, agus caithfidh na acmhainní a bheith ann. Faoi láthair tá na teangacha i gcruachás agus b'fhéidir go mbeadh an t-eolas imithe i gceann tríocha bliain mura ndéanfar rud éigin.